# AN tÚDARÁS UM FHORFHEIDHMIÚ CORPARÁIDEACH

## MEARTHREOIR

CEA

Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach
Corporate Enforcement Authority

ARDCHAIGHDEÁIN IOMPRAÍOCHTA CORPARÁIDÍ A CHUR CHUN CINN TRÍ DHLÍ NA gCUIDEACHTAÍ A FHORFHEIDHMIÚ

# Clár Ábhar

Réamhrá

Maidir leis an Treoir seo

Cén fáth a bhfuil tábhacht le Dlí na gCuideachtaí?

Cé dó a bhfuil ár gcuid oibre ábhartha?

Bunú an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach

Feidhmeanna an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach

Neamhspleáchas agus cuntasacht

Rialachas

An obair a dhéanaimid

Foinsí faisnéise agus rúndacht

Ár ndaoine

Comhlíonadh a spreagadh

Forfheidhmiú Acht na gCuideachtaí, 2014

Ár gcumhachtaí reachtúla

Cá háit ar féidir liom tuilleadh faisnéise a fháil?

# Ár Misean

Freastal ar leas an phobail, agus leas an phobail a chur chun cinn, trí ardleibhéil chomhlíonta a chinntiú i leith dhlí na gcuideachtaí trí thathant atá éifeachtach agus trí fhorfheidhmiú comhréireach, láidir agus athchomhairleach.



# Réamhrá

Is é an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach gníomhaireacht na hÉireann um fhorfheidhmiú dhlí na gcuideachtaí.

Sa Mhearthreoir seo, gheobhaidh tú faisnéis faoi cé sinn, faoin obair a dhéanaimid agus faoi conas is féidir leat teagmháil a dhéanamh linn. Inseofar duit inti faoi na foilseacháin éagsúla uainn, atá ceaptha chun cabhrú le stiúrthóirí cuideachta agus le hoifigigh eile a gcuid dualgas agus oibleagáidí a chomhlíonadh agus chun cabhrú le comhaltaí, scairshealbhóirí agus creidiúnaithe cuideachtaí a gcearta faoi dhlí na gcuideachtaí a thuiscint agus a sheasamh.

Ceann dár bpríomhfhoinsí faisnéise is ea an pobal agus is chuige sin a spreagaimid daoine den phobal chun gearáin, léirithe imní agus nochtaí cosanta a chur isteach i ndáil le sáruithe amhrasta ar dhlí na gcuideachtaí.

Tá tuilleadh faisnéise ar fáil ar ár suíomh Gréasáin (www.cea.gov.ie). Is féidir leat nuacht agus an t-eolas is deireanaí a fháil ar bhonn rialta freisin trínár gcainéil meán sóisialta ar LinkedIn agus Twitter a leanúint.

**An tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach**
**Iúil 2022**

# Maidir leis an treoir seo

Tháirgeamar an mhearthreoir seo chun tús eolais agus míniú a thabhairt ar ról an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach. Míneofar inti cé sinn, cén obair a dhéanaimid agus conas is féidir leat teagmháil a dhéanamh linn.

## Cén fáth a bhfuil tábhacht le dlí na gcuideachtaí?

Ceann de na príomhchuspóirí atá le dlí na gcuideachtaí is ea pearsantacht dhlítheanach ar leithligh agus dliteanas teoranta a éascú. Is pribhléidí iad sin lena ndéantar gníomhaíocht fiontraíochta a éascú agus a spreagadh trí theorainn a chur leis an risíocht phearsanta i leith riosca airgeadais.

I gcomaoin na bpribhléidí sin, leagtar síos le dlí na gcuideachtaí creat ar laistigh de:

- atáthar ag súil leis go n-oibreoidh cuideachtaí agus a stiúrthóirí;
- nach mór ceanglais áirithe trédhearcachta a chomhlíonadh;
- a thugtar cosaintí áirithe do scairshealbhóirí, do chreidiúnaithe agus don mhórphobal; agus
- a fhoráiltear do smachtbhannaí, idir smachtbhannaí sibhialta agus smachtbhannaí coiriúla, i leith cineálacha áirithe neamhchomhlíonta.

# Cé dó a bhfuil ár gcuid oibre ábhartha?

Amhail mí an Mheithimh 2022, tá breis agus 280,000 cuideachta ghníomhach ann ar chlár na gcuideachtaí. Ag brath ar mhéid na gcuideachtaí, ar an líon fostaithe atá acu agus ar a láimhdeachas, is féidir iad a aicmiú mar mhicreachuideachtaí, mar chuideachtaí beaga, mar chuideachtaí meánmhéide nó mar chuideachtaí móra. In Éirinn, tá 95% de chuideachtaí aicmithe mar mhicreachuideachtaí nó mar chuideachtaí beaga, tá 3% díobh aicmithe mar chuideachtaí meánmhéide agus tá an 2% eile díobh aicmithe mar chuideachtaí móra.

Tagann gach cuideachta a chorpraítear (i.e., a chruthaítear) faoi dhlí cuideachtaí na hÉireann, agus a stiúrthóirí, faoi shainchúram an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach. Is ann do mhórán cineálacha difriúla cuideachta, ar féidir leo a bheith poiblí nó príobháideach, agus gabhann le gach ceann díobh tairbhí agus oibleagáidí a eascraíonn as pribhléid an chorpraithe.

Is mar a leanas atá na haicmí éagsúla cuideachta:

- cuideachta phríobháideach faoi theorainn scaireanna (Teo.). Is í sin an cineál cuideachta is coitianta foirmiú;
- cuideachta gníomhaíochta ainmnithe (CGA), ar féidir léi:
  - a bheith ina cuideachta phríobháideach faoi theorainn scaireanna, nó
  - a bheith ina cuideachta phríobháideach faoi theorainn ráthaíochta ag a bhfuil scairchaipiteal;
- cuideachta phríobháideach neamhtheoranta (CNT);
- cuideachta phoiblí theoranta (CPT), ar féidir léi:
  - a bheith ina cuideachta infheistíochta arb é comhinfheistíocht cistí an t-aon chuspóir atá léi, nó
  - a bheith ina cuideachta phoiblí theoranta (seachas cuideachta infheistíochta) a sheolann gníomhaíocht sa Stát is gníomhaíocht atá luaite sa mheabhrán uaithi (lena n-áirítear Cuideachta Eorpach nó *Societas Europaea*);
- cuideachta phoiblí neamhtheoranta, ar féidir léi:
  - a bheith ina cuideachta phoiblí neamhtheoranta ag a bhfuil scairchaipiteal (CPN), nó
  - a bheith ina cuideachta phoiblí neamhtheoranta nach bhfuil scairchaipiteal aici (CPNT);
- cuideachta faoi theorainn ráthaíochta (CTR); agus
- cuideachta sheachtrach (cuideachta is cuideachta de chuid an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch nó nach cuideachta de chuid an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch agus a bhfuil dliteanas a gcomhaltaí teoranta).

# Bunú an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach

Foráladh don Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach sa dlí le hachtú Acht na gCuideachtaí (An tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach), 2021, agus bunaíodh é le héifeacht ón 7 Iúil 2022 leis an Ordú um Acht na gCuideachtaí, 2014 (An tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach) (Lá Bunaithe), 2022.

Tá freagracht ar an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach as dlí na gcuideachtaí a fhorfheidhmiú, lena n-áirítear Acht na gCuideachtaí, 2014 (‘Acht 2014’).

# Feidhmeanna an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach

Tugtar feidhmeanna an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach dó le hAcht 2014. Áirítear iad seo a leanas leo:

- comhlíonadh dhlí na gcuideachtaí a spreagadh;
- imscrúdú a dhéanamh ar sháruithe amhrasta ar dhlí na gcuideachtaí;
- gníomhaíocht chuí forfheidhmiúcháin a dhéanamh mar fhreagairt do sháruithe sainaitheanta ar dhlí na gcuideachtaí;
- maoirseacht a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí de chuid leachtaitheoirí cuideachtaí dócmhainneacha;
- córas um ghealltanais maidir le srian agus maidir le dícháiliú a oibriú i leith stiúrthóirí cuideachtaí dócmhainneacha; agus
- feidhmeanna eile a fhéadfar a fhorordú le hOrdú ón Aire, e.g., a thugtar faoin Acht fá Ghléasanna Éireannacha um Chomhbhainistiú Sócmhainní, 2015.

# Neamhspleáchas agus cuntasacht

Tá neamhspleáchas ag an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach i gcomhlíonadh a fheidhmeanna. Is foráil reachtúil thábhachtach í sin toisc go bhfeidhmíonn an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach feidhmeanna um fhorfheidhmiú an dlí agus toisc gur gá dó a bheith in ann an ról sin a chomhlíonadh gan chamadh gan chlaonadh.

Mar chomhlacht ar bhunaigh an tOireachtas é, áfach, tá an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach cuntasach sa dóigh a gcomhlíonann sé a fheidhmeanna. Tá an chuntasacht sin i roinnt riochtaí. Ní mór don Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach:

- Ráiteas Straitéise a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta – tarlaíonn sé sin gach trí bliana;
- cuntais bhliantúla a ullmhú agus iad a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena n-iniúchadh;
- Tuarascáil Bhliantúil a ullmhú i ndáil le gach bliain airgeadais agus í a chur faoi bhráid an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta;
- a Thuarascáil Bhliantúil a fhoilsiú ar a shuíomh Gréasáin; agus
- arna iarraidh sin don Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, cead a thabhairt d'aon duine atá ceaptha ag an Aire leabhair agus taifid an Údaráis a scrúdú.

Ní mór do Chomhalta aonair an Údaráis/do Chathaoirleach an Údaráis:

- i gcás go n-éilíonn Coiste na Dála um Chuntais Phoiblí air/uirthi déanamh amhlaidh, fianaise a thabhairt don Choiste ar nithe a thagann faoi alt 944N d'Acht na gCuideachtaí, 2014; agus
- dul os comhair Coistí eile de chuid Thithe an Oireachtais maidir le nithe a bhaineann le riarachán ginearálta an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach nuair a iarrtar air/uirthi déanamh amhlaidh.

# Rialachas

Mar Ghníomhaireacht Stáit, tá an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach faoi réir an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ("an Cód").

# An obair a dhéanaimid

Spreagaimid daoine cloí leis an dlí trí raon straitéisí, lena n-áirítear faisnéis agus treoir neamhspleách a sholáthar, agus trí ghníomhaíochtaí éagsúla for-rochtana agus caidrimh le geallsealbhóirí. Tá ár sainchúram forfheidhmiúcháin de chineál sibhialta agus de chineál coiriúil araon agus, chun sinn a chumasú an ról sin a chur i gcrích, tá sraith fhairsing cumhachtaí imscrúdúcháin ar fáil dúinn.

Agus ár sainordú forfheidhmiúcháin á chur i gcrích againn, déanaimid meastóireacht ar an bpróiseas dócmhainneachta corparáidí agus seolaimid imscrúduithe airgeadais agus imscrúduithe gaolmhara ar fud speictream iomlán na gcuideachtaí, idir fhiontair bheaga agus mheánmhéide, eagraíochtaí neamhbhrabúis agus chuideachtaí a bhfuil a n-urrúis liostaithe go poiblí.

I gcás go sainaithnítear inár ngníomhaíochtaí imscrúdúcháin neamhchomhlíonadh dhlí na gcuideachtaí, áirítear leis na roghanna forfheidhmiúcháin atá ar fáil dúinn leigheasanna sibhialta, amhail cuideachtaí agus a n-oifigigh a ordú bearta ceartaitheacha áirithe a dhéanamh, oifigigh chuideachta a shrianadh agus a dhícháiliú, agus roghanna coiriúla, lena n-áirítear ionchúisimh a dhéanamh in ainm an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach nó ní a tharchur chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí chun breithniú a dhéanamh ar cé acu ba cheart nó nár cheart cúisimh a chur ar aghaidh ar díotáil.

# Foinsí Faisnéise agus Rúndacht

Faighimid faisnéis ó fhoinsí éagsúla. Ceanglaítear ar ghairmithe áirithe, i.e., iniúchóirí, scrúdaitheoirí agus glacadóirí, tuarascálacha a thabhairt dúinn faoi imthosca áirithe. Tá oibleagáidí cosúla ar chomhlachtaí gairmiúla áirithe. De bhreis air sin, ní mór do gach leachtaitheoir a cheaptar chuig cuideachta dhócmhainneach tuairiscí a chur faoinár mbráid.

De bhreis air sin, spreagaimid daoine den phobal go gníomhach chun gearáin agus léirithe imní a chur faoinár mbráid i gcás go bhfuil cás amhrasta ann nach bhfuiltear ag comhlíonadh dhlí na gcuideachtaí. In imthosca áirithe, is féidir go mbeidh duine incháilithe le haghaidh nochtadh cosanta a dhéanamh dúinn. Tá tuilleadh faisnéise a bhaineann le nochtadh cosanta ar fáil ar ár suíomh Gréasáin. I gcás go bhfuil tú in amhras faoi cé acu atá nó nach bhfuil feidhm ag cosaintí na reachtaíochta um nochtadh cosanta maidir leat, ba cheart breithniú a dhéanamh ar chomhairle dhlíthiúil neamhspleách a fháil toisc nach féidir linn comhairle dhlíthiúil a thabhairt.

Chun a chinntiú go soláthróidh dúinn an fhaisnéis a theastaíonn uainn chun do ghearán nó do léiriú imní a athbhreithniú, iarraimid ort ár bhFoirm Gearáin a léamh go cúramach agus í a chomhlánú ansin. Is féidir an Fhoirm Gearáin sin a rochtain ag www.cea.gov.ie/publication/forms. A luaithe a bheidh sí comhlánaithe agat, ba cheart duit d'Fhoirm Gearáin a sheoladh chuig complaints@cea.gov.ie.

Caitear leis an bhfaisnéis ar fad a fhaigheann an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach amhail is dá mbeadh faisnéis rúnda inti agus déileáiltear léi de réir an dlí.

# Ár ndaoine

Ós rud é gur casta agus speisialaithe atá dlí na gcuideachtaí, agus ós rud é gur féidir le cuideachtaí a bheith ina n-eintitis chasta, teastaíonn tacair scileanna éagsúla chun dlí na gcuideachtaí a fhorfheidhmiú. Chuige sin, tá gairmithe cuntasaíochta, gairmithe dlí, gairmithe fóiréinsice digití, comhaltaí den Gharda Síochána (póilíní) agus gairmithe eile i measc ár n-oifigeach.

Is féidir mionsonraí faoinár bhfoireann ceannaireachta a fháil ar ár suíomh Gréasáin (www.cea.gov.ie/about).

# Comhlíonadh a Spreagadh

Ceann amháin d'fheidhmeanna an Údaráis is ea comhlíonadh Acht na gCuideachtaí a spreagadh.

Dá réir sin, d'eisíomar sraith Leabhrán Faisnéise atá ar fáil, i dteannta na Mearthreorach seo, ag www.cea.gov.ie/publications. Tugtar breac-chuntas sna foilseacháin sin ar phríomhróil agus príomhfhreagrachtaí roinnt de na príomhghníomhaithe i ndlí na gcuideachtaí agus cabhraíonn siad le daoine den phobal eolas níos fearr a ghnóthú ar a gcuid ceart agus oibleagáidí.

Tá an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach ina chomhalta den Chomhairle Chomhairleach in aghaidh Coireacht Eacnamaíoch agus Éilliú, den Fhóram um Choireacht Eacnamaíoch agus Éilliú, den Ghrúpa Athbhreithnithe Dlí Cuideachtaí agus dá choistí, den Choiste Stiúrtha um Fhrithsciúradh Airgid agus de ghrúpaí éagsúla eile Rialtais agus comhchéime atá gafa le dlí na gcuideachtaí agus leis an dlí coiriúil go ginearálta a scrúdú agus a athbhreithniú.

Bunaithe ar an eolas agus an taithí a ghnóthaímid trínár bhfeidhmeanna a chur i gcrích, féachaimid le tionchar a imirt ar dhéantóirí beartas agus ar chinnteoirí agus le gabháil do cheannaireacht smaointeoireachta ar nithe a bhaineann lenár sainchúram reachtúil.

# Forfheidhmiú Acht na gCuideachtaí, 2014

Imscrúdaíonn an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach i gcás go bhfuil sáruithe amhrasta ann ar Acht 2014. Tagann sáruithe amhrasta ar ár n-aird trí fhoinsí éagsúla, mar shampla trí thuairiscí a bhfuil oibleagáid ar ghairmithe amhail iniúchóirí agus leachtaitheoirí iad a sheoladh chugainn, trí ghearáin ón bpobal agus trí nochtaí cosanta. Féadfaimid amhrais a imscrúdú fiú mura ndéanann aon tríú páirtí aon ghearán linn.

Má bhailítear fianaise inár n-imscrúdú á léiriú gur féidir gur sáraíodh dlí na gcuideachtaí, féadfaimid gníomhaíocht a dhéanamh chun an dlí a fhorfheidhmiú. Féadfaimid an méid sin a dhéanamh ar roinnt bealaí. Le linn dúinn déanamh amhlaidh, áfach, breithnímid cén fhreagairt a bheadh is cuí agus is comhréirí.

Féachaimid leis na hacmhainní atá ar fáil dúinn a imscaradh ar an mbealach a thugann an seans is fearr dúinn an tionchar a imrímid agus éifeacht athchomhairleach ár ngníomhartha forfheidhmiúcháin a uasmhéadú. Agus sinn ag cinneadh cén áit a n-imscarfaimid ár n-acmhainní, bíonn aird againn ar thosca éagsúla, lena n-áirítear iad seo a leanas:

- scála agus tromaíocht na saincheisteanna lena mbaineann;
- an mórthionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an mí-iompar dealraitheach/líomhnaithe;
- an fhéidearthacht go ndéanfadh an duine aonair/an t-eintiteas lena mbaineann aon mhí-iompraíocht bhreise;
- cé acu atá nó nach bhfuil leigheasanna eile ar fáil do ghearánach, más ann dó/di;
- an dóchúlacht go mbainfear toradh dearfach amach; agus
- tosca leasa phoiblí.

Is féidir go n-áireofar le gníomhaíocht forfheidhmiúcháin:

- rabhaidh a eisiúint agus fianaise ar neamhchomhlíonadh a bheith ceartaithe go deonach a cheangal;
- ceangal a chur ar phearsana áirithe bearta a dhéanamh chun comhlíonadh a chinntiú. Mar shampla, ceangal a chur ar na stiúrthóirí ar chuideachta Cruinniú Ginearálta Bliantúil den chuideachta a chomóradh;
- iarratas a dhéanamh chun na Cúirte ar orduithe lena gceanglaítear bearta a dhéanamh chun comhlíonadh a chinntiú – mar shampla, i gcás gur theip ar dhuine ordachán arna eisiúint ag an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach a chomhlíonadh; agus
- i gcás go sainaithnítear ní is ábhar imní a thagann faoi shainchúram rialálaí reachtúil eile nó comhlacht forfheidhmiúcháin eile, bíonn sé de chumhacht againn de ghnáth an ní a tharchur chuig an gcomhlacht sin.

# Ár gcumhachtaí reachtúla

Chun cur ar ár gcumas ár bhfeidhmeanna a chomhlíonadh, tugadh dúinn cumhachtaí áirithe imscrúdúcháin shibhialta agus choiriúil agus cumhachtaí áirithe forfheidhmiúcháin shibhialta agus choiriúil. Áirítear iad seo a leanas leo sin:

### Cumhachtaí imscrúdúcháin

- an chumhacht chun ceanglas a chur ar chuideachtaí agus ar thríú páirtithe iomchuí doiciméid (lena n-áirítear doiciméid leictreonacha) a thabhairt ar aird;
- cumhachtaí cuardaigh agus urghabhála;
- cumhacht gabhála; agus
- an ceart chun iarraidh ar na Cúirteanna bearta imscrúdúcháin breise áirithe a chumasú, amhail, mar shampla, orduithe um thabhairt ar aird a dheonú agus Cigirí arna gceapadh ag an gCúirt a cheapadh.

## Cumhachtaí forfheidhmiúcháin

- an chumhacht chun gealltanais maidir le srian agus dícháiliú a thairiscint, ar gealltanais iad atá ina gceangal dlí má ghlactar leo;
- an chumhacht chun iarratas a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt go ndéanfaí stiúrthóir cuideachta a dhícháiliú in imthosca áirithe;
- an chumhacht chun iarratas a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt go ndéanfaí cuideachta a fhoirceannadh (a leachtú) in imthosca áirithe;
- an chumhacht chun ionchúisimh achoimre a thionscnamh sa Chúirt Dúiche; agus
- an chumhacht chun nithe tromchúiseacha a tharchur chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí lena mbreithniú aige maidir le cé acu ba cheart nó nár cheart cúisimh choiriúla a ordú ar díotáil.

## Cá háit ar féidir liom tuilleadh faisnéise a fháil?

Is féidir leat faisnéis níos mine a fháil ar shuíomh Gréasáin an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach ag www.cea.gov.ie

Mura bhfuil tú cinnte faoi nósanna imeachta cuideachta agus faoi na nithe is gá duit a dhéanamh faoin dlí, ba cheart duit comhairle ghairmiúil neamhspleách a iarraidh.

Chun nuacht agus an t-eolas is deireanaí a fháil go tráthrialta, lean an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach ar a chainéil meán sóisialta.

### Chun tuilleadh faisnéise a fháil, déan teagmháil le:

An tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach
16 Cearnóg Parnell Thoir
Baile Átha Cliath 1
D01 W5C2
Éire

Teil.: +353 1 858 5800
Ríomhphost: info@cea.gov.ie
Gréasán: www.cea.gov.ie

*Tá leagan Béarla den leabhrán seo ar fáil*
*An English version of this booklet is available*

### Séanadh

Níl an Mhearthreoir seo ina léiriú dlíthiúil ar aon chuid d'Acht na gCuideachtaí. Ní ghlacann an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach le haon fhreagracht nó aon dliteanas as aon earráidí, aon mhíchruinnis nó aon easnaimh sa treoir seo.

An tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach
16 Cearnóg Parnell Thoir | Baile Átha Cliath 1 | D01 W5C2 | Éire
Teil.: +353 1 858 5800
Ríomhphost: info@cea.gov.ie
Gréasán: www.cea.gov.ie

Tá leagan Béarla den leabhrán seo ar fáil

An English version of this booklet is available

Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach
Corporate Enforcement Authority